Gaelscoil Thaobh na Coille

24/10/2012

NUACHTLITIR

Gaelscoil Thaobh na Coille

Beallairmín, An Chéim, B.Á.C. 18

San eagrán seo:

Inside this issue:

Nóta buíochais ón bPríomhoide 1

Saothar Ealaíne / A Work of Art 1

Éide Scoile / School Uniform 2

Ceachtanna Snámha / Swimming Lessons 2

Páirceáil / Parking 2

Mionúir B.Á.C. / Dublin Minors 3

Comhghairdeas / Congratulations 3

Gléasadh na Samhna / Halloween Fancy Dress **3**

Cruinnithe Tuistí/Múinteoirí / P/T Meetings **3**

Suíomh Ghréasáin / School Website **3**

Naí Shóisear 2013 / Junior Infants 2013 **4**

Áille & Brúid / Beauty & the Beast **4**

Cór na nÓg / National Children's Choir **4**

Cúrsaí Spóirt / Sporting Information **4**

Lorcán Mac Gabhann & Conor Mac Daid

Buíochas ó Chroí

A Thuismitheoirí,

Is mian liom a chur in iúl díbh go bhfuil Lorcán Mac Gabhann éirithe as mar Chathaoirleach ar Bhord Bhainistíochta na scoile agus go bhfuil Conor Mac Daid tofa mar chathaoirleach ina áit.

Ba mhaith liom thar cheann foireann, tuismitheoirí & daltai na scoile buíochas ó chroí a ghabháil go hoifigiúil le Lorcán as an obair ar fad ata déanta aige ar son na scoile le breis is sé bliana déag anuas. Is é Lorcán a thug grúpa tuismitheoirí le chéile le Gaelscoil a bhunú sa cheantair seo agus is faoi stiúir, treoir, fuinneamh, dúthracht agus dian -obair Lorcán a a chuireadar an scoil sa tsiúil.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis as an tacaíocht, comhairle agus cairdeas leanúnach a thug sé domsa mar phríomhoide ó 1995 i leith. Is mór mo mheas agus mo chion air agus móthóimíd uainn go mór é ar an mBord agus thart timpeall na scoile. Tá súil againn nach mbeadh anseo ach briseadh beag agus go bhfillfidh sé ar an mBord sna blianta amach anseo.

I wish to inform you that Lorcán Mac Gabhann has stepped down as chairperson of our Board of Management and that Conor Mac Daid is replacing him as chairperson.

I would like to take this opportunity to officially thank Lorcán for all that he has done for Gaelscoil Thaobh na Coille over the last 16 years. It was Lorcán who brought together a group of parents to campaign for and organise the establishment of a Gaelscoil in this area and it was due to his direction, drive, diligence, dedication and perseverance that that goal was realised.

I would like to thank him for his continued support, advice and friendship to me as principal since 1995. I have great respect for him and for all that he has done and achieved so far and he will be greatly missed on our Board of Management and around the school. We hope that this will be a short break and that he will return to the Board in years to come.

Emer Nic Chonchradha

Príomhoide

'Clíona' ag Taobh na Coille : a work of Art not a climbing frame

Tá sé tugtha faoi ndeara againn go bhfuil tuismitheoirí ag ligint dá bpáistí dreapadh ar ár saothar ealaíne álainn & iad ag teacht isteach & amach as an scoil. Saothar ealaíne agus ní fráma dreapadóireachta é seo. Iarraimíd ar thuismitheoirí cosc a chur ar a bpáistí dreapadh suas ar an mbonn eibhir ar a bhfuil an dealbh suite. S'iad na páistí atá sa naíonra & roinnt páistí i ranganna na naíonáin is mó atá á dhéanamh seo.

We have noted that parents are allowing their children to climb on our beautiful statue 'Clíona at Taobh na Coille' as they come and go from the school. This is a work of Art and not a climbing frame. We would ask parents to stop their children/ toddlers from climbing up onto the base of the statue. Children attending the naíonra & some children in the infant classes are the biggest culprits here.

An Saothar Ealaíne 'Clíona' ag Taobh na Coille

Bróga Rince : Dance Shoes

Teastaíonn ó Nuala an múinteoir rince go mbeadh bróga boga ag na páistí don rince (plimsoles). Is ar an gCéadaoin a bhíonn Rince ag na páistí (N2-R6). Ní fiú faic na bróga rince a bheith sa bhaile, cuir sa mhála scoile iad don Chéadaoin!

Our dance teacher Nuala wants the pupils have soft shoes for dancing (black plimsoles). Irish dancing takes place on Wednesdays (N2 – R6). No point in having the shoes at home, make sure they are in the school bags on Wednesdays!

Cosc ar Mhadraí

Tá cosc ar mhadraí i gclós na scoile

No dogs allowed in the school playground

Briseadh Meán Téarma
Midterm Break

Scoil Dúnta : School Closed
Luan Monday 29/10/12
go
Aoine Friday 2 /11/12

Éide Scoile : School Uniform

Éide Scoile Iomlán

Is gá do na páistí ar fad ó rang a 1 go rang a 6 an t-éide scoile iomlán, a chaitheamh an t-am ar fad. Caithear an culaith spóirt lá amháin sa tseachtain i.e. an lá go ndéantar corp oideachas agus an lá sin amháin.

Dé hAoine: R2A, R2B, R3, R4, R5, R6

Dé Luain : N1A, N1B, N1C, N2A, N2B, R1A, R1B

Na Naíonáin

Tá sé de rogha ag na naíonáin an culaith spóirt nó an t-éide scoile a chaitheamh.

Traenáil CLG le Darren

Nuair a bhíonn treanáil CLG ar siúl laistigh d'am scoile (An Mháirt) caitheann na ranganna atá i gceist an culaith spóirt. Athraíonn na ranganna seo ó théarma go téarma.

Faoi láthair siad R1A, R1B, R2A & R2B atá i gceist dá bhrí sin caitheann siadsan an t-éide spóirt ar an Mháirt.

School Uniform

All pupils from first to sixth class must wear the school uniform as specified below at all times. The school tracksuit is worn once a week i.e. P.E. day.

Friday : R2A, R2B, R3, R4, R5, R6

Monday : N1A, N1B, N1C, N2A, N2B, R1A, R1B

Junior & Senior Infants

The infants have the option of wearing the tracksuit or the uniform.

GAA Training with Darren from Nmh Olaf takes place on Tuesdays during school hours. Only certain classes do this each term and the pupils in those specific classes may wear their tracksuit on that day. The classes involved change from term to term. R1A, R1B, R2A & R2B wear their tracksuit on Tuesdays at this time.

Ceachtanna snámha: Swimming lessons

Freastalaíonn daltaí na scoile ar cheachtanna snámha i linn snámha Meadowbrook i mBaile an tSaoir mar chuid den Chorp Oideachas . Tá 3 sheisiún (8/9 seachtainí an seisiún) curtha in áirithe dár scoil rud a chial-laíonn gur féidir le 6 rang ghrúpa freastal ar ranganna snámha gach bliain.

Seo a leanas na socraithe atá déanta againn don scoil bliain seo 2012/2013

Téarma 1 : R3 & R4

Téarma 2 : R2A & R2B

Téarma 3 : R1A & R1B

Ní bheidh daltaí R5 nó R6 ag freastal ar cheachtanna snámha i rith am scoile i mbliana.

We organise swimming lessons in Meadowbrook swimming pool in Ballinteer for the pupils as part of the Physical Education Curriculum. Three terms of 8/9 weeks have been set aside for Gaelscoil Thaobh na Coille which means that 6 classes can attend swimming classes each year. The following arrangements have been made for this school year 2012/2013

Term 1 : R3 & R4

Term 2 : R2A & R2B

Term 3 : R1A & R1B

Our 5th & 6th class pupils will not be going swimming with the school this year.

Páirceáil : Parking

Nach olc an scéal é go bhfuil neamh-aird á dhéanamh de rialacha páirceála na scoile agus páirceáil dúbalta fós á dhéanamh os comhair na scoile amach. Ní hamháin go bhfuil sé seo dainséarach ach moillíonn sé an trácht isteach agus amach as an scoil. Níl leithscéal ar bith ann dóibh siúd a dhéanann páirceáil dúbalta go speisialta ag am dul abhaile an naíonra agus na naíonáin - bíonn go leor áiteanna páirceála sa charr chlós & os comhair na scoile amach.

How often does it need to be said that people should not be double parking to the front of the school. Not only is this dangerous but it also blocks the flow of traffic in and out of the school in the morning & in the afternoons. There is absolutely no excuse for the double parking that occurs at naíonra & infant collection times – plenty of parking spaces in the car park and to front of school.

Mionúir B.Á.C. : Iar-scoláirí Ghaelscoil Thaobh na Coille

Bhí an-lá cheiliúradh sa scoil nuair a tháinig 3 dár n-iar scoláirí ar cuairt chun na scoile agus Corn Tom Markham; Corn Craobh Peile na hÉireann (Mionúir) leo.
David Ó Cathmhaoil (R6 TnC 2005/06) & Máirtín Ó Cathaláin (R6 TnC 2006/07) Foireann Peile Mioniúir BÁC agus Cian Mac Gabhann (R6 TnC 2006/07) Cúl Báire Foireann Iománaíochta Mioniúir BÁC. Tháinig captaen foireann peile mioniúir BÁC David Byrne Captaen in éineacht leo freisin.
Bhí seisiún fada dian-cheistiúcháin ag na daltaí leo agus is beag ceist faoi chúrsaí peile & Iománaíochta nár cuireadh ar ár 'laochra spóirt'. Conas mar a mhothaigh tú nuair a roghnaíodh tú le bheith ar fhoireann na mionúir?, Cé mhéad traenála a dhéanann sibh? Cad é an cluiche is fearr a d'imir tú? Cén condae is fearr leat seachas BÁC? Cén saghas camán a úsáideann tú? Cé mhéad cúl a scaoil tú isteach..... arsa James Ó Cuinneagáin R2A le Cian Mac Gabhann – cúl báire BÁC!!!

We had a great day in school last week when 3 of our past pupils visited the school bringing the Tom Markham Cup; All-Ireland Minors Football Cup with them. David Ó Cathmhaoil (R6 TnC 2005/06) & Máirtín Ó Cathaláin (R6 TnC 2006/07) both members of the Dublin Football Team and Cian Mac Gabhann (R6 TnC 2006/07) Goalie for the Dublin Minors Hurling team. The Dublin minors football captain David Byrne came along also.
Well what a grilling they got from our young sporting enthusiasts from 1st class to sixth. No stone was left unturned in questioning our young 'sporting heros'. What did it feel like to be picked for the Dublin team? How much training do you have to do? What was the best game you played? Which is your favourite county team? What kind of hurley do you use?.....and straight in there was James Ó Cuinneagáin R2A who asked Cian Mac Gabhann with the subtlety and tactfulness you'd expect of an 8 year old " Cian, How many gaols did you let in?"!!!

David Ó Cathmhaoil, Ciann Mac Gabhann, David Byrne, Máirtín Ó Cathaláin

Gléasadh na Samhna Halloween Fancy Dress

Iarrtar ar na daltaí (& na Múinteoirí) teacht ar scoil gléasta i mbréag éadaí ar an Aoine an 26 Deireadh Fómhair. Beidh duaiseanna beaga dóibh siúd a dhéanann an t-iarracht is mó. Tá lán-fháilte romhaibhse a thuismitheoirí teacht ar scoil gléasta agus sibh ag fágáil bhúr bpáistí ar scoil ar maidin! Cá bhfios ach go mbeadh duaiseanna beaga againn do na tuismitheoirí freisin!

The Pupils (& the múinteoirí) are invited to come to school in fancy dress on Friday the 26th of October. There will be lots of small spot prizes for the best dressed pupils! Don't be afraid to join in the fun by dressing up yourselves when you are dropping off your children in the morning!

Comhgháirdeachas

Comhghairdeachas leis an Múinteoir Maoilíosa Ó Dúbhthaigh ag breith a mhac nua Fionnán. Comhgháirdeas freisin le Ali (N2B) & Finn (N1A) as a ndeirfiúr nua Penny agus comhgháirdeas mór le Harrison (R5) agus Ingrid (R1) as breith a ndeirfiúr nua 'Emer'..... gabh mo leithscéal Reegan!

Congratulations to an Múinteoir Maoilíosa Ó Dúbhthaigh on the birth of his new son Fionnán. A big congratulations to Ali (N2B) & Finn(N1A) on the birth of their new sister Penny and congratulations also to Harrison (R5) and Ingrid (R1) on the birth of their new sister 'Emer' ..... or was she eventually named Reegan!

Cruinnithe Tuismitheoirí Múinteoirí

Parent Teacher Meetings

Beidh na cruinnithe Tuismitheoirí/Múinteoirí ar siúl sa scoil ar an gCéadaoin an 21 Samhain idir 2.45pm & 9.30pm. Seolfar clár ama na gcruinnithe agus coinne pearsanta amach i ndiaidh an bhriseadh.

Our Parent/Teacher meetings will be held in the school on Wednesday the 21st of November between 2.45pm & 9.00pm. The scheduled timetable and personal appointment times will be sent out after the break.

www.taobhnacoille.ie

Tá Suiomh Gréasáin na scoile á athchóiriú faoi láthair. Ba cheart go mbeadh sé faoi lán-tseoil arís laistigh de sheachtain nó dhó.

Our school website is being revamped at present. It should be up & running properly within the next week or so.

Dátaí do Dialann Dates for your Diary

Cóineartú *Confirmation*
Aoine 22/03/2013
Céad Chomaoineach *First Communion*
Satharn 11/05/2013

Naíonáin Shóisearacha MF 2013
Junior Infants September 2013

Bhí an dáta deiridh le foirmeacha iarratais comhlánaithe do pháistí gur mian lena dtusimitheoirí go dtósóidh siad 'sna naíonáin shóisearacha i Meán Fómhair 2013 an tseachtain seo chaite. Tá tús á chur againn anois le phróiseáil a dhéanamh ar na hiarrataisí do rang na bliana seo chugainn agus seolfar amach litreacha ofrála d'áiteanna sa scoil don bhliain seo chugainn ar an 12 Samhain.

The closing date for receipt of enrolment forms for children whose parents wish them to start school in junior infants in September 2013 was last week. We will now begin processing the application forms for next years Junior Infant classes and will send out our first place offers on the 12th of November.

Beatha Teanga í a Labhairt

Boscaí Bróg na Nollag Christmas Shoe Box Appeal

Beidh muid ag bailiú boscaí bróg arís i mbliana ar son an Christmas Shoebox Appeal. Seoladh bileog eolais faoin bhfeachtas abhaile chugaibh an tseachtain seo chaite (féach ag bun na málaí scoile) agus is féidir cuairt a thabhairt www.teamhope.ie le breis eolais a fháil. Más mian libh páirt a ghlacadh ann, seol na boscaí isteach ar scoil i ndiaidh an bhriseadh & roimh an Luan an 12 Samhain.

We will be collecting again this year for the Team Hope Christmas Shoebox Appeal. An information leaflet was sent home last week (check bottom of school bag) and you can also visit their website @ www.teamhope.ie for further information. If you wish to participate please return your shoebox to the school after the mid-term break & before Monday the 12th of November.

Áille & Brúid Beauty & the Beast

MAR EOLAS : Tá ticéadaí ordaithe againn le daltaí R1 go R6 a thabhairt go dtí an geamaireacht *Áille & Brúid* a bheidh ar siúl sa Helix um Nollaig ar an Mháirt an 18 Nollaig. Costas €15 an duine a bheidh i gceist (ticéad & bus). Tuile eolais le teacht

FOR YOUR INFORMATION : We have booked tickets to bring R1 – R6 to see this year's Panto Beauty and the Beast in the Helix on Tuesday the 18th of December. This trip will cost €15 per person (ticket & bus) Further information to follow.

Cór Náisiúnta na nÓg National Children's Choir

Tá daltaí Rang a 5 & R6 ag glacadh páirt i gCór Náisiúnta na nÓg. Tá an-obair ar siúl acu agus iad ag tabhairt faoin 16 amhrán atá ar an gclár a fhoghlaim. Tá an-mheascán d'amhráin álainn ar an gclár i mbliana agus ón mhéid atá déanta acu cheana féin beidh an-chór agus ceolchoirm againn ag deireadh na bliana. Beidh ár gcéad mór chleachtadh againn le scoileanna an cheantair ag deireadh na míosa seo chugainn mar chuid den ullmhúchán don oll-cheolchoirm san Ionad Cispheile Náisiúnta I dTamhlacht i Mí Aibreán.

Our 5th and 6th class pupils are participating in the National Children's Choir this year. They are busily and diligently learning the repertoire of 16 songs in the Choir's repertoire. There is a beautiful and varied selection of songs in the repertoire and if the results of the last 76 weeks work is anything to go by will are in for a treat at our end of year concert. Our first major rehearsal – involving children from 4 other local schools – will take place at the end of November as part of our preparation for the National Children's Choir Dublin Area Concert in the National Basketball Arena in Tallaght in April.

Cúrsaí Spóirt Léig Peile Chumann na mBunscol

Comhgháirdeachas le Foireann Peile na gCailíní as an leath chraobh a bhaint amach. Beidh siad ag imirt in aghaidh Scoil na Tríonóide Naofa, Domhnach Míde uair éigean i mí na Samhna. Buíochas le Eavan Ní Mhuirgheasa, Máirín Ní Dhubhthaigh & Máire Mhic Gabhann atá i mbun a dtraenála.

Bhí an mí-ádh ar fhoireann peile na mbuachaillí agus cé gur imríodar go han-mhaith ar fad buadh orthu sa chluiche deirneach agus tá siad amuigh as an léig. ACH beidh seans eile acu san earrach nuair a thosóidh an tréanáil agus an léig iománaíochta. Buíochas le Cormac Chambers agus Maoilíosa Ó Dubhthaigh as an obair ar fad a rinne sibh leis na páistí a thraenáil & a thabhairt ag na cluichí i ndiaidh am scoile.

Congratulations to our girls football team for reaching the semi finals—they will play Holy Trinity NS, Donameade in November. Buíochas Eavan Ní Mhuirgheasa, Máirín Ní Dhubhthaigh & Máire Mhic Gabhann who have been training them.

Our boys team were unfortunate in being beaten in their last match so they are out of the league however they played very well as a team and will have another chance in the spring when the hurling leagues take off. Buíochas to Cormac Chambers & Maoilíosa Ó Dubhthaigh for giving of their free time to train the boys & attend football matches after school hours.